II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/402 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Feabhra 2023

lena ndeonaítear údarú ón Aontas le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha "CMIT/MIT SOLVENT BASED" i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid [1], agus go háirithe Airteagal 44(5), an chéad fhomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 14 Meitheamh 2017, chuir Dow Europe GmbH ("an t-iarratasóir") iarratas faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ("an Ghníomhaireacht") i gcomhréir le hAirteagal 43(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ar údarú ón Aontas le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha ar a dtugtar "CMIT/MIT SOLVENT BASED" de chineál táirge 6, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, chun breosla eitlíochta, amhola agus breosla dhriogáite idirmheánach a leasú, agus thug sé daingniú i scríbhinn gur chomhaontaigh údarás inniúil na Fraince meastóireacht a dhéanamh ar an iarratas. Taifeadadh an t-iarratas faoi chás-uimhir BC-NN032576-24 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha. An 16 Aibreán 2020, tharraing an t-iarratasóir an t-iarratas siar a mhéid a bhaineann le "CMIT/MIT SOLVENT BASED" a úsáid i mbreoslaí eitlíochta. An 31 Deireadh Fómhair 2020, d'aistrigh an t-iarratasóir an t-iarratas chuig Nutrition & Biosciences Netherlands B.V.

(2) San fhine táirgí bithicídeacha "CMIT/MIT SOLVENT BASED" tá táirgí chun amhola dí-uiscithe agus táirgí mínphróiseáilte (breoslaí driogáite idirmheánacha agus éadroma) ina bhfuil 5-clóra-2-meitiliseathiasól-3(2H)-ón agus 2-meitiliseathiasól-3(2H)-ón ("C(M)IT/MIT") mar shubstaint ghníomhach a leasú, substaint a áirítear ar liosta na Aontais de na substaintí gníomhacha formheasta dá dtagraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(3) An 28 Lúnasa 2019, chuir an t-údarás inniúil meastóireachta, i gcomhréir le hAirteagal 44(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, an tuarascáil mheasúnaithe agus conclúidí a mheastóireachta faoi bhráid na Gníomhaireachta.

(4) An 7 Aibreán 2020, chuir an Ghníomhaireacht tuairim [2], chomh maith leis an dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh le haghaidh "CMIT-MIT SOLVENT BASED" agus an tuarascáil mheasúnachta deiridh ar an bhfine táirgí bithicídeacha faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 44(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

[1] IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.

[2] Tuairim ó ECHA an 5 Márta 2020 maidir leis an údarú ón Aontas le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha "CMIT-MIT Solvent Based" (ECHA/BPC/246/2020), https://echa.europa.eu/bpc-opinions-on-union-authorisation.

(5) Is é conclúid na tuairime sin gur "fine táirgí bithicídeacha" atá in "CMIT-MIT SOLVENT BASED" de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (s), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, go bhfuil sé incháilithe le haghaidh údarú ón Aontas i gcomhréir le hAirteagal 42(1) den Rialachán sin agus, faoi réir na dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a chomhlíonadh, go gcomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 19(1) agus (6) den Rialachán sin. Sa tuairim bhí seasamh mionlaigh arna chur in iúl ag comhalta a cheap an Ghearmáin, inar thángthas ar an gconclúid go dtagann úsáid "CMIT-MIT SOLVENT BASED" mar leasaitheach i mbreoslaí salach ar reachtaíocht náisiúnta an Bhallstáit sin (leis an 10ú Reacht Cónaidhme um Rialú Astaíochtaí §2 (1) agus (2)), lena dtoirmeasctar go mbeadh breiseáin ina bhfuil comhdhúile clóirín nó bróimín i mbreoslaí le haghaidh mótarfheithiclí bóthair agus lena dtoirmeasctar breiseáin ina bhfuil clóirín nó bróimín a chur ar an margadh toisc go mbíonn na comhdhúile sin ina gcúis le dé-ocsainí le linn an dócháin breosla.

(6) An 15 Eanáir 2021, rinne an Ghníomhaireacht an dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a tharchur chuig an gCoimisiún i dteangacha oifigiúla uile an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 44(4) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(7) Chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní faoi fhoirmiú dé-ocsainí a chuir an seasamh mionlaigh in iúl maidir leis an tuairim, d'iarr an Coimisiún tuairim ón nGníomhaireacht an 24 Iúil 2020 faoi Airteagal 75(1), pointe (g), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 chun meastachán a dhéanamh ar mhéid foirmithe na ndé-ocsainí agus ar an méid iomlán a chuirfeadh dé-ocsainí leis na hastaíochtaí de bharr úsáid na fine táirgí bithicídeacha "CMIT/MIT SOLVENT BASED" i mbreoslaí a úsáidtear le haghaidh iompar de bhóthar agus iompar uisce. Ina theannta sin d'iarr an Coimisiún ar an nGníomhaireacht soiléiriú a thabhairt ar leibhéal na rioscaí don chomhshaol agus do shláinte an duine i ngeall ar nochtadh do dhé-ocsainí tríd an gcomhshaol de bharr úsáid na fine táirgí bithicídeacha "CMIT/MIT SOLVENT BASED".

(8) An 5 Iúil 2021, chuir an Ghníomhaireacht an tuairim a iarradh faoi bhráid na Choimisiúin ([3]) inar thángthas ar an gconclúid, cé nach féidir neamhaird a thabhairt ar na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le C(M)IT/MIT a úsáid mar leasaitheach in ola agus i mbreosla, nach féidir aon chonclúid a dhéanamh maidir leis an méid tábhachta a d'fhéadfadh a bheith ag C(M)IT/MIT i mbreoslaí i ndáil le nochtadh do dhé-ocsainí, ná maidir leis na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag breiseáin chlóirín amhail C(M)IT/MIT i mbreoslaí ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol.

(9) Is iad na cuspóirí atá le Coinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha ("Coinbhinsiún Stócólm") ([4]) agus Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar thruailleáin orgánacha marthanacha (POPanna) lena n-áirítear dé-ocsainí. Measann an Coimisiún nach é a bheadh mar thoradh ar dhiúltú don údarú ón Aontas le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha "CMIT/MIT SOLVENT BASED" go laghdófaí astaíochtaí dé-ocsaine mórán níos mó ná mar a dhéanfaí dá mbronnfaí an t-údarú, toisc go gceadaítear na breiseáin chéanna ina bhfuil clóirín nó breiseáin chomhchosúla faoi láthair a chur ar an margadh faoi bhearta idirthréimhseacha Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 de chuid na mBallstát nó d'fhéadfaí iad a údarú faoi údaruithe náisiúnta a bhronntar i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Thairis sin, mar thoradh ar uaillmhianta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip ([6]) agus Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]) (an Dlí Aeráide Eorpaigh ([8])) chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, meastar go dtiocfaidh laghdú suntasach sna blianta atá amach romhainn ar an méid foriomlán breosla a d'fhéadfaí a chóireáil leis an bhfine táirgí bithicídeacha agus a dhó in innill nó i gcórais téimh. Dá thoradh sin, tiocfaidh laghdú dá réir ar na dé-ocsainí a d'fhéadfadh teacht chun cinn le húsáid na fine táirgí bithicídeacha "CMIT/MIT SOLVENT BASED", rud a chuideoidh chun na cuspóirí atá le Coinbhinsiún Stócólm agus Rialachán (AE) 2019/1021.

([3]) Biocidal Products Committee (BPC) Opinion on a request according to Article 75(1)(g) of Regulation (EU) No 528/2012 on the evaluation of dioxins emissions from the use of the biocidal product family (BPF) "CMIT/MIT SOLVENT BASED" in fuels used in road and ship transport (ECHA/BPC/283/2021) [Tuairim ón gCoiste um Tháirgí Bithicídeacha (BPC) maidir le hiarraidh de réir Airteagal 75(1)(g) den Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 maidir leis an meastóireacht ar astaíochtaí dé-ocsainí de bharr úsáid na fine táirgí bithicídeacha (BPF) "CMIT/MIT SOLVENT BASED" i mbreoslaí a úsáidtear le haghaidh iompar de bhóthar agus iompar ar long (ECHA/BPC/283/2021)].

([4]) Coinbhinsiún Stócólm maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha (IO L 209, 31.7.2006, lch. 3).

([5]) Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha (IO L 169, 25.6.2019, lch. 45).

([6]) Comhaontú Glas don Eoraip | An Coimisiún Eorpach (europa.eu)

([7]) Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na h Eorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ("An Dlí Aeráide Eorpach") (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

([8]) An Dlí Aeráide Eorpach (europa.eu)

(10) An 16 Samhain 2021, i gcomhréir le hAirteagal 44(5), dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, rinne an Danmhairg iarraidh don Choimisiún nach mbeadh feidhm ag an údarú ón Aontas le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha "CMIT/MIT SOLVENT BASED" ina críoch, bunaithe ar na forais a thugtar in Airteagal 37(1), pointe (a) agus pointe (c), den Rialachán sin, toisc go bhféadfadh comhdhúile orgánacha halaiginithe amhail C(M)IT/MIT i mbreoslaí a bheith ina gcúis le cruthú dé-ocsainí le linn an dócháin breosla, tá roghanna malartacha ar fáil gan comhdhúile halaiginithe chun breoslaí a leasú agus ní úsáidtear leasaithigh le haghaidh breoslaí i scaglanna ná i stáisiúin seirbhíse sa Danmhairg.

(11) An 12 Nollaig 2021, d'iarr an Ghearmáin ar an gCoimisiún coigeartú a dhéanamh ar na coinníollacha maidir leis an údarú ón Aontas le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha "CMIT/MIT SOLVENT BASED" ina críoch i gcomhréir le hAirteagal 44(5), dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, bunaithe ar na forais dá dtagraítear in Airteagal 37 (1) pointe (a) agus pointe (c), den Rialachán sin ionas nach bhféadfaí é a úsáid chun breoslaí a leasú le haghaidh mótarfheithiclí bóthair neamhiarnróid, seachas chun críoch taighde, forbartha nó anailíse i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta a leagtar amach sa 10[ú] Reacht Cónaidhme um Rialú Astaíochtaí ([9]) in éineacht le hAcht na Gearmáine um Thrácht ar Bhóithre (Straßenverkehrsgesetz) ([10]).

(12) An 15 Iúil 2022, i gcomhréir le hAirteagal 44(5), dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, rinne an Bheilg iarraidh don Choimisiún nach mbeadh feidhm ag an údarú ón Aontas le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha "CMIT/MIT SOLVENT BASED" ina críoch, bunaithe ar na forais a thugtar in Airteagal 37(1), pointe (a) agus pointe (c), den Rialachán sin, toisc go measann sí bhféadfadh comhdhúile orgánacha halaiginithe amhail C(M)IT/MIT i mbreoslaí a bheith ina gcúis le cruthú dé-ocsainí le linn an dócháin breosla gur cheart go gcruthófaí níos lú dé-ocsainí agus, i gcás inar féidir, deireadh a chur lena gcruthú sa Bheilg, agus go mbeadh roghanna malartacha ar fáil gan comhdhúile halaiginithe chun breoslaí a leasú.

(13) Maidir leis na hiarrataí a rinne an Ghearmáin agus an Danmhairg ar choigeartú ar na coinníollacha maidir leis an údarú ón Aontas agus nach gcuirfí an t-údarás ón Aontas i bhfeidhm, is é sin an t-údarás le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha "CMIT/MIT SOLVENT BASED", i gcríocha na mBallstát sin i gcomhréir le hAirteagal 44(5), dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, measann an Coimisiún go bhfuil bonn cirt leis na hiarrataí sin chun an comhshaol a chosaint agus chun sláinte agus beatha an duine a chosaint de bhun Airteagal 37(1), pointe (a) agus pointe (c) den Rialachán sin toisc go bhféadfadh comhdhúile halaiginithe orgánacha, amhail C(M)IT/MIT, a bheith ina gcúis le cruthú dé-ocsainí le linn an dócháin breosla.

(14) Dá bhrí sin, níor cheart an fhine táirgí bithicídeacha "CMIT/MIT SOLVENT BASED" a údarú lena húsáid sa Danmhairg agus sa Bheilg, agus níor cheart a húsáid sa Ghearmáin chun breoslaí a leasú le haghaidh mótarfheithiclí bóthair neamhiarnróid, seachas chun críoch taighde, forbartha nó anailíse.

(15) Dá bhrí sin, comhaontaíonn an Coimisiún le tuairim na Gníomhaireachta agus measann sé gurb iomchuí údarú ón Aontas a dheonú do "CMIT/MIT SOLVENT BASED" leis na coigeartuithe don Ghearmáin, don Danmhairg agus don Bheilg a iarradh i gcomhréir le hAirteagal 44(5), dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(16) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Deonaítear údarú ón Aontas ag a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0023657-0000 do Nutrition & Biosciences Netherlands B. V. maidir leis an bhfine táirgí bithicídeacha "CMIT-MIT SOLVENT BASED" a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir leis an achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a leagtar amach san Iarscríbhinn.

([9]) Zehnte Verordnung zur Durchführung des Bundes-Immissionsschutzgesetzes
([10]) Straßenverkehrsgesetz

Mar sin féin, ní bheidh feidhm ag an údarú Aontais i gcríoch Ríocht na Danmhairge agus i gcríoch Ríocht na Beilge, ná ní bheidh feidhm aige ar chríoch Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine maidir le breoslaí a chaomhnú le haghaidh mótarfheithiclí bóthair neamh-iarnróid, seachas chun críche taighde, forbartha nó anailíse.

Tá an t-údarú ón Aontas bailí ón 15 Márta 2023 go dtí an 28 Feabhra 2033.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Feabhra 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Achoimre ar shaintréithe an táirge le haghaidh tacar táirgí bithicídeacha

CMIT/MIT SOLVENT BASED

Cineál táirge 6 — Leasaithigh do tháirgí le linn a stórála (Leasaithigh)

Uimhir an údaraithe: EU-0023657-0000

Uimhir sócmhainne R4BP: EU-0023657-0000

CUID I

AN CHÉAD LEIBHÉAL FAISNÉISE

1. FAISNÉIS RIARACHÁIN

1.1. **Ainm an tacair**

Ainm	CMIT/MIT SOLVENT BASED

1.2. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT06 - Leasaithigh do tháirgí le linn a stórála (Leasaithigh)

1.3. **Sealbhóir an údaraithe**

Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe	Ainm	MC (Netherlands) 1 B.V.
	Seoladh	Willem Einthovenstraat 4, 2342BH Oegstgeest An Ísiltír
Uimhir an údaraithe	EU-0023657-0000	
Uimhir sócmhainne R4BP	EU-0023657-0000	
Dáta an údaraithe	15 Márta 2023	
Dáta éaga an údaraithe	28 Feabhra 2033	

1.4. **Déantóir/déantóirí na dtáirgí bithicídeacha**

Ainm an déantóra	Specialty Electronic Materials Switzerland GmbH
Seoladh an déantóra	Im Ochsensand, 9470 Buchs An Eilvéis
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Im Ochsensand, 9470 Buchs An Eilvéis

Ainm an déantóra	AD Productions BV
Seoladh an déantóra	Markweg Zuid 27, 4794 SN Heijningen An Ísiltír
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Markweg Zuid 27, 4794 SN Heijningen An Ísiltír

1.5. **Déantóir (nó déantóirí) na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha**

Substaint ghníomhach	Mixture of 5-chloro-2-methyl-2H- isothiazol-3-one (Einecs 247-500-7) and 2-methyl-2H-isothiazol-3-one (Einecs 220-239-6) (Mixture of CMIT/MIT)
Ainm an déantóra	Jiangsu FOPIA Chemicals Co., Ltd (Specialty Electronic Materials Switzerland GmbH)
Seoladh an déantóra	Touzeng Village, Binhuai Town, 224555 Binhai County, Yancheng City, Jiangsu An tSín
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Touzeng Village, Binhuai Town, 224555 Binhai County, Yancheng City, Jiangsu An tSín

2. COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TACAIR TÁIRGÍ

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an tacair**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)	
					Íosta	Uasta
Mixture of 5-chloro-2-methyl-2H-isothiazol-3-one (Einecs 247-500-7) and 2-methyl-2H-isothiazol-3-one (Einecs 220-239-6) (Mixture of CMIT/MIT)		Substaint Ghníomhach	55965-84-9		10,8	12,1
Butyl carbitol	eatá-nól2-(2-bú-tocsaid-eatocsa)	Substaint neamhgh-níomhach	112-34-5	203-961-6	0,0	89,2

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe**

Foirmliú (nó foirmlithe)	AL - Aon leacht eile

CUID II

AN DARA LEIBHÉAL FAISNÉISE - SPC(ANNA) META

META SPC 1

1. FAISNÉIS RIARACHÁIN META SPC 1

1.1. **Aitheantóir Meta SPC 1**

Aitheantóir	Meta SPC KATHON FP

1.2. **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-1

1.3. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT06 - Leasaithigh do tháirgí le linn a stórála (Leasaithigh)

2. COMHDHÉANAMH META SPC 1

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meta SPC 1**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)	
					Íosta	Uasta
Mixture of 5-chloro-2-methyl-2H-isothiazol-3-one (Einecs 247-500-7) and 2-methyl-2H-isothiazol-3-one (Einecs 220-239-6) (Mixture of CMIT/MIT)		Substaint Ghníomhach	55965-84-9		10,8	12,1

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe meta SPC 1**

Foirmliú (nó foirmlithe)	AL - Aon leacht eile

3. RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM META SPC 1

Ráitis ghuaise	Ina chúis le dónna troma craicinn agus damáiste don tsúil. D'fhéadfadh a bheith ina chúis le himoibriú ailléirgeach craicinn. An-tocsaineach don saol uisceach le héifeachtaí buana. Creimneach don chonair riospráide.
Ráitis réamhchúraim	Ná hanálaigh gala. Níor cheart go gceadófaí éadaí oibre éillithe a thógáil amach as an áit oibre. Seachain scaoileadh isteach sa chomhshaol. Caith lámhainní cosanta/éadaí cosanta/cosaint súl. Tá cóireáil shonrach (féach Treoracha garchabhrach breise ar an lipéad seo). MÁ SHLOGTAR:Sruthlaigh do bhéal.Ná SPREAG urlacan. MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE CRAICEANN:Nigh le neart uisce. MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE CRAICEANN (nó gruaig):Bain na héadaí éillithe go léir láithreach.Sruthlaigh an craiceann le uisce. MÁ IONANÁLAÍTEAR:Tabhair an duine amach faoin aer úr agus cinntigh go bhfuil an duine in ann análú go compordach.

	MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE SÚILE:Sruthlaigh go cúramach le huisce ar feadh roinnt nóiméad.Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. Glaoigh láithreach ar Ionad nó dochtúir nimhe. Bain na héadaí éillithe go léir.Agus nigh roimh athúsáid. Bailigh doirteadh. Má tharlaíonn greannú nó gríos craicinn:Faigh comhairle leighis. Stóráil faoi ghlas. Diúscair ábhar chuig ais faofa de réir rialachán áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

4. ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE META SPC 1

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 1. Úsáid # 1 – Leasú d'amhola dí-uiscithe agus de tháirgí scagtha (breoslaí driogáite láir agus éadroime) le huasmhéid uisce de 2 %

An cineál táirge	PT06 - Leasaithigh do tháirgí le linn a stórála (Leasaithigh)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Leasú d'amhola dí-uiscithe agus de tháirgí scagtha (breoslaí driogáite láir agus éadroime) le huasmhéid uisce de 2 %
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: fungais/caonaigh Gnáthainm: caonaigh Céim na forbartha: Cealla fásúla agus spóir Ainm eolaíoch: fungais/giosta Gnáthainm: giosta Céim na forbartha: Cealla fásúla Ainm eolaíoch: Baictéir Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: Cealla fásúla
Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon Moltar an fine táirgí bithicídeacha chun miocrorgánaigh in amhola dí-uiscithe agus i dtáirgí scagtha (breoslaí driogáite láir agus éadroime) le huasmhéid uisce de 2 % a rialú. Ná húsáidtear an fine táirgí bithicídeacha chun breoslaí eitlíochta, naftaí, ailcéiní/olaifíní agus cumhránaic (struchtúir shimplí agus struchtúir níos coimpléascaí) a chaomhnú.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Luchtú an táirge bhithicídigh isteach san umar cumaisc ina bhfuil amholaí dí-uiscithe nó táirgí scagtha (breoslaí driogáite láir agus éadroime) Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Cuirtear an táirge bithicíde mar dáileog amháin le linn am monaraithe, stórála nó seolta. Tabhair dáileog don táirge bithicíde chuig an leacht úsáide deiridh ag pointe a dhéanann meascadh sásúil a dheimhniú ag baint úsáide as caidéal méadraithe uathoibrithe nó doirteadh de láimh ag baint leas as córas sábháilte tomhais dháileoige. Níor chóir go mbeidh táirge bithicíde tugtha mar a sholáthraítear é isteach in umar breosla folamh. Ba chóir go mbeidh umair bhreosla atá á gcóireáil le táirge bithicíde ar a laghad 10 % lán le dearbhú go bhfuil homaiginiú maith déanta ar an táirge bithicíde, a chuireann le héifeachtacht na cóireála.

	Ba chóir umair bhreosla agus sumpaí a dhraenáil go rialta. I ndiaidh cóireála, bain miocrorgánaigh mharbha agus smionagar eile ón mbreosla cóireáilte atá bailithe ag bun an umair. Ba chóir scagairí a sheiceáil agus a scrúdú go rialta chun a fhionnadh an bhfuil charnadh solad ar fuaidreamh orthu. Nuair a dhéantar cothabháil thréimhsiúil, ba chóir umair a sheiceáil chun a fhionnadh an bhfuil fás miocróbach orthu.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: Leasú le haghaidh stóras meántéarmach agus fadtéarmach agus cóireáil íceach 50-100 ppm v/v de tháirge bithicídeach arna sholáthar. Táirgí scagtha (breoslaí driogáite láir agus éadroime) agus amholaí dí-uiscithe - Breoslaí meándriogáite agus amholaí - Leasú meán/fad téarmach. 50 go 150 ppm v/v de tháirge bithicíde mar a sholáthraíodh é - Cóireáil íceach: 200 go 400 ppm v/v de tháirge bithicíde mar a sholáthraíodh é. Airí caolaithe: - Airí uainithe: **Amholaí dí-uiscithe** Leasú meán/fad téarmach: — 50 go 150 ppm v/v de tháirge bithicíde mar a sholáthraíodh é (0,75 – 2,25 ppm v/v CMIT/MIT), ní mór don am teagmhála a bheith 1 go 4 seachtain ag brath ar an dáileog úsáidte. Cóireáil íceach: — Baictéir: 200 go 400 ppm v/v de tháirge bithicíde mar a sholáthraíodh é (3 - 6 ppm v/v CMIT/MIT) is gá am teagmhála a bheith 1 go 3 lá, ag brath ar an dáileog a úsáidtear. — Fungais (Giostaí/Caonaigh): 400 ppm v/v de tháirge bithicíde mar a sholáthraíodh é (6 ppm v/v CMIT/MIT) is gá am teagmhála a bheith 1 go 3 lá, ag brath ar an dáileog a úsáidtear. Táirgí scagtha (breoslaí driogáite láir agus éadroime): Leasú meán/fad téarmach: — 50 go 150 ppm v/v de tháirge bithicíde mar a sholáthraíodh é (0,75 – 2,25 ppm v/v CMIT/MIT), ní mór don am teagmhála a bheith 1 go 4 seachtain ag brath ar an dáileog úsáidte. Cóireáil íceach:: — Baictéir: 200 go 400 ppm v/v de tháirge bithicíde mar a sholáthraíodh é (3 - 6 ppm v/v CMIT/MIT) is gá am teagmhála a bheith 1 go 3 lá, ag brath ar an dáileog a úsáidtear. — Fungais (Giostaí/Caonaigh): 400 ppm v/v de tháirge bithicíde mar a sholáthraíodh é (6 ppm v/v CMIT/MIT) is gá am teagmhála a bheith 1 go 3 lá, ag brath ar an dáileog a úsáidtear. Athdhéan de réir mar is gá nuair atá truailliú aitheanta.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Fleascanna: 5L ainmniúil, is poileitiléin ard-dlúis (PEAD) é an t-ábhar tógála Buicéid: 20L ainmniúil, is poileitiléin ard-dlúis (PEAD) é an t-ábhar tógála Buicéid: 25L ainmniúil, is poileitiléin ard-dlúis (PEAD) é an t-ábhar tógála Drumaí: 215L ainmniúil, is poileitiléin ard-dlúis (PEAD) é an t-ábhar tógála Drumaí: 220L ainmniúil, is poileitiléin ard-dlúis (PEAD) é an t-ábhar tógála Bulc-coimeádán idirmheánach (IBC): 1000L ainmniúil, is poileitiléin ard-dlúis (PEAD) é an t-ábhar tógála

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

5. TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE ([1]) MAIDIR LE META SPC 1

5.1. **Treoracha úsáide**

— Léigh an lipéad nó an bhileog i gcónaí roimh úsáid agus lean na treoracha uilig a ghabhann leis.

— Bíodh meas agat ar choinníollacha úsáide an táirge (tiúchan, am teagmhála, teocht, pH, srl.)

— Do leasú le linn stórála meán/fad téarmach, ní mór d'am teagmhála a bheith idir 1-4 seachtain, ag brath ar an dáileog úsáidte. Do chóireáil íceach, tá an éifeacht bithicíde bainte amach i ndiaidh 1-3 lá.

— Níl táirgí le húsáid ach do stóráil meán nó fad téarmach nó cóireáil íceach. Níl éifeachtacht tástáilte i gcás córais athraithe arda. Ná húsáid i gcás córas le hardratá athraithe.

— Déan seiceáil rialta ar an tiúchan iarmharach den substaint ghníomhach (sna céimeanna breosla agus uiscí) idir aistriú breosla le dearbhú nach ndéantar truailliú idir chóireálacha. Tá rogha na n-eatramh idir chóireálacha bunaithe ar sheiceáil na dtiúchan iarmharach substaint ghníomhaigh.

— Caithfidh úsáideoir an táirge tástálacha micribhitheolaíocha a dhéanamh (sna céimeanna breosla agus uiscí) chun sásúlacht an chaomhnaithe a chruthú chun dáileog éifeachtach an leasaitheach don mhaitrís/suíomh/córas sonrach a dhearbhú. Más gá, téigh i gcomhairle le déantóir an táirge leasaitheach.

Níor údaraíodh é le húsáid i Ríocht na Danmhairge agus i Ríocht na Beilge.

Níl sé infheidhme i bPoblacht Chónaidhme na Gearmáine ach amháin sna cásanna seo a leanas: Ná húsáid na táirgí le haghaidh caomhnaithe breosla i gcás mhótarfheithiclí bóthar nach ritheann ar ráillí, ach amháin ar mhaithe le taighde, forbairt nó anailís.

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

— Do leasú an dáileog de 6 ppm, is é 15 000 m^3 sa lá don suíomh an t-uasmhéid de amhola triomaithe nó táirgí scagtha draenáilte.

— Do leasú an dáileog suas go 3 ppm, is é 35 000 m^3 sa lá don suíomh an t-uasmhéid de amhola triomaithe nó táirgí scagtha draenáilte.

Agus an táirge bithicídeach á láimhseáil:

— Caith lámhainní cosanta atá frithsheasmhach in aghaidh ceimiceán agus a chomhlíonann ceanglais Chaighdeán Eorpach EN 374 (ní mór do shealbhóir an údarúcháin ábhar na lámhainní a shonrú laistigh den fhaisnéis faoin táirge) agus rabhlaer cosanta (cineál 6 EN13034 ar a laghad), le linn chéim láimhsithe an táirge.

([1]) Tá treoracha úsáide, bearta maolaithe riosca agus treoracha eile faoin roinn seo bailí le haghaidh aon úsáidí údaraithe laistigh de meta SPC 1.

— Caith gloiní ceimiceacha a chomhlíonann ceanglais Chaighdeán Eorpach EN 166 le linn chéim láimhsithe an táirge.

— Ba chóir na bearta teicniúla agus eagraíochta seo a leanas a chur i bhfeidhm:

— glanadh an trealaimh agus an limistéir oibre go rialta;.

— caidéal dáileogach a úsáid le haghaidh luchtaithe láimhe;

— Íoslaghdú de chéimeanna láimhe;

— aeráil leordhóthanach agus an táirge á úsáid.

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

— MÁ SHLOGTAR: Sruthlaigh do bhéal. NÁ déan iarracht caitheamh amach. Glaoigh ar IONAD NIMHE nó dochtúir má airíonn tú tinn.

— MÁ BHAINTEAR DEN CHRAICEANN: Nigh craiceann le huisce (nó cith). Bain na héadaí éillithe láithreach agus nigh iad sula gcaitheann tú arís iad.

— MÁ BHAINTEAR DE NA SÚILE: Sruthlaigh le huisce go cúramach feadh neart nóiméad. Bain lionsaí tadhaill má's ann dóibh agus más furasta é. Lean ort ag sruthlú.

— MÁ DHÉANTAR ANÁLÚ: Bain an té a bhaintear dó chuig aer úr agus coinnigh ar a shuaimhneas iad le bheith ag análú.

— Má's ann do ghreannú craicinn nó gríos: Faigh comhairle/cúram leighis.

— Coinnigh an coimeádán nó an lipéad ar fáil.

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

— Ná scaoil ach le ionad cóireála camrais tionsclaíoch (STP).

— Faigh réidh le táirge nár úsáideadh, a phacáistíocht agus gach dramhaíl eile de réir na rialachán áitiúil.

— Ná scaoil le táirge nár úsáideadh ar an talamh, isteach i gcúrsaí uisce, isteach i bpíopaí (e.g doirteal, leithris) nó síos na draenacha.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Seilfré: 24 mí

6. FAISNÉIS EILE

—

7. AN TRÍÚ LEIBHÉAL FAISNÉISE: TÁIRGÍ AONAIR I META SPC 1

7.1. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm (nó trádainmneacha)	KATHON FP 1.5 Biocide	Réimse margaidh: EU
	BLUECIDE 832	Réimse margaidh: EU
	BIOCIDA CARBURANTE DIESEL-BIODIESEL	Réimse margaidh: EU
	T2642	Réimse margaidh: EU
	XC85957	Réimse margaidh: EU
	BIOSTOP 15 GL	Réimse margaidh: EU
	C 412 GP 10	Réimse margaidh: EU
	SPEC-AID 8Q700	Réimse margaidh: EU
	Predator 9015	Réimse margaidh: EU

	FuelClear M15	Réimse margaidh: EU
	MIRECIDE-KW/615	Réimse margaidh: EU
	BIOC41770A	Réimse margaidh: EU
	Bactron B1770	Réimse margaidh: EU
Uimhir an údaraithe	EU-0023657-0001 1-1	

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Mixture of 5-chloro-2-methyl-2H- isothiazol-3-one (Einecs 247-500-7) and 2-methyl-2H-isothiazol-3-one (Einecs 220-239-6) (Mixture of CMIT/MIT)		Substaint Ghníomhach	55965-84-9		11,3

META SPC 2

1. FAISNÉIS RIARACHÁIN META SPC 2

1.1. **Aitheantóir Meta SPC 2**

Aitheantóir	Meta SPC KATHON HP

1.2. **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-2

1.3. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT06 - Leasaithigh do tháirgí le linn a stórála (Leasaithigh)

2. COMHDHÉANAMH META SPC 2

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meta SPC 2**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)	
					Íosta	Uasta
Mixture of 5-chloro-2-methyl-2H-isothiazol-3-one (Einecs 247-500-7) and 2-methyl-2H-isothiazol-3-one (Einecs 220-239-6) (Mixture of CMIT/MIT)		Substaint Ghníomhach	55965-84-9		10,8	12,1

Butyl carbitol	eatá-nól2-(2-bú-tocsaid-eatocsa)	Substaint neamhgh-níomhach	112-34-5	203-961-6	87,9	89,2

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe meta SPC 2**

Foirmliú (nó foirmlithe)	AL - Aon leacht eile

3. RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM META SPC 2

Ráitis ghuaise	Ina chúis le dónna troma craicinn agus damáiste don tsúil. D'fhéadfadh a bheith ina chúis le himoibriú ailléirgeach craicinn. An-tocsaineach don saol uisceach le héifeachtaí buana. Creimneach don chonair riospráide.
Ráitis réamhchúraim	Ná hanálaigh gala. Níor cheart go gceadófaí éadaí oibre éillithe a thógáil amach as an áit oibre. Caith láimhainní cosanta a chomhlíonann ceanglais Chaighdeán Eorpach EN 374/éadaí cosanta de chineál 6 EN13034 ar a laghad/Caith gloiní ceimiceacha a chomhlíonann ceanglais Chaighdeán Eorpach EN 166. Tá cóireáil shonrach (féach Treoracha garchabhrach breise ar an lipéad seo). MÁ SHLOGTAR:Sruthlaigh do bhéal.Ná SPREAG urlacan. MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE CRAICEANN:Nigh le neart uisce. MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE CRAICEANN (nó gruaig):Bain na héadaí éillithe go léir láithreach.Sruthlaigh an craiceann le uisce. MÁ IONANÁLAÍTEAR:Tabhair an duine amach faoin aer úr agus cinntigh go bhfuil an duine in ann análú go compordach. MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE SÚILE:Sruthlaigh go cúramach le huisce ar feadh roinnt nóiméad.Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. Glaoigh láithreach ar Ionad nó dochtúir nimhe. Bain na héadaí éillithe go léir.Agus nigh roimh athúsáid. Nigh éadaí éillithe roimh athúsáid. Má tharlaíonn greannú nó gríos craicinn:Faigh comhairle leighis. Stóráil faoi ghlas. Diúscair ábhar chuig ais faofa de réir rialachán áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Seachain scaoileadh isteach sa chomhshaol. Bailigh doirteadh.

4. ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE META SPC 2

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 2. Úsáid # 1 – Leasú d'amhola dí-uiscithe agus de tháirgí scagtha (breoslaí driogáite láir agus éadroime) le huasmhéid uisce de 2 %

An cineál táirge	PT06 - Leasaithigh do tháirgí le linn a stórála (Leasaithigh)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Leasú d'amhola dí-uiscithe agus de tháirgí scagtha (breoslaí driogáite láir agus éadroime) le huasmhéid uisce de 2 %

Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: Baictéir Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: Cealla fásúla Ainm eolaíoch: fungais/giosta Gnáthainm: giosta Céim na forbartha: Cealla fásúla Ainm eolaíoch: fungais/caonaigh Gnáthainm: caonaigh Céim na forbartha: Cealla fásúla
Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon Moltar an fine táirgí bithicídeacha chun miocrorgánaigh in amhola dí-uiscithe agus i dtáirgí scagtha (breoslaí driogáite láir agus éadroime) le huasmhéid uisce de 2 % a rialú. Ná húsáidtear an fine táirgí bithicídeacha chun breoslaí eitlíochta, naftaí, ailcéiní/olaifíní agus cumhránaic (struchtúir shimplí agus struchtúir níos compléascaí) a chaomhnú.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Luchtú an táirge bhithicídigh isteach san umar cumaisc ina bhfuil amholaí dí-uiscithe nó táirgí scagtha (breoslaí driogáite láir agus éadroime) Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Cuirtear an táirge bithicíde mar dáileog amháin le linn am monaraithe, stórála nó seolta. Tabhair dáileog don táirge bithicíde chuig an leacht úsáide deiridh ag pointe a dhéanann meascadh sásúil a dheimhniú ag baint úsáide as caidéal méadraithe uathoibrithe nó doirteadh de láimh ag baint leas as córas sábháilte tomhais dháileoige. Níor chóir go mbeidh táirge bithicíde tugtha mar a sholáthraítear é isteach in umar breosla folamh. Ba chóir go mbeidh umair bhreosla atá á gcóireáil le táirge bithicíde ar a laghad 10 % lán le dearbhú go bhfuil homaiginiú maith déanta ar an táirge bithicíde, a chuireann le héifeachtacht na cóireála. Ba chóir umair bhreosla agus sumpaí a dhraenáil go rialta. I ndiaidh cóireála, bain miocrorgánaigh mharbha agus smionagar eile ón mbreosla cóireáilte atá bailithe ag bun an umair. Ba chóir scagairí a sheiceáil agus a scrúdú go rialta chun a fhionnadh an bhfuil charnadh solad ar fuaidreamh orthu. Nuair a dhéantar cothabháil thréimhsiúil, ba chóir umair a sheiceáil chun a fhionnadh an bhfuil fás miocróbach orthu.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: Táirgí scagtha (breoslaí driogáite láir agus éadroime) agus amholaí dí-uiscithe - Leasú meán/fad téarmach. 50 go 150 ppm v/v de tháirge bithicíde mar a sholáthraíodh é - Cóireáil íceach: 200 go 400 ppm v/v de tháirge bithicíde mar a sholáthraíodh é. Airí caolaithe: Airí uainithe: **Amholaí dí-uiscithe:** Leasú meán/fad téarmach: — Baictéir: 33 go 200 ppm v/v de tháirge bithicíde mar a sholáthraíodh é (0,5 - 3 ppm v/v CMIT/MIT), — Fungais (Giostaí/Caonaigh): 50 go 200 ppm v/v de tháirge bithicíde mar a sholáthraíodh é (0,75 - 3 ppm v/v CMIT/MIT), ní mór don am teagmhála a bheith 1-4 seachtain ag brath ar an dáileog úsáidte.

	Cóireáil íceach: — Baictéir: 200 go 400 ppm v/v de tháirge bithicíde mar a sholáthraíodh é (3 - 6 ppm v/v CMIT/MIT) is gá am teagmhála a bheith 1 go 3 lá, ag brath ar an dáileog a úsáidtear. — Fungais (Giostaí/Caonaigh): 400 ppm v/v de tháirge bithicíde mar a sholáthraíodh é (6 ppm v/v CMIT/MIT) is gá am teagmhála a bheith 1 go 3 lá, ag brath ar an dáileog a úsáidtear. **Táirgí scagtha (breoslaí driogáite láir agus éadroime):** Leasú meán/fad téarmach: — Baictéir: 33 go 200 ppm v/v de tháirge bithicíde mar a sholáthraíodh é (0,5 - 3 ppm v/v CMIT/MIT), ní mór don am teagmhála a bheith 1-4 seachtain ag brath ar an dáileog úsáidte. — Fungais (Giostaí/Caonaigh): 50 go 200 ppm v/v de tháirge bithicíde mar a sholáthraíodh é (0,75 - 3 ppm v/v CMIT/MIT), ní mór don am teagmhála a bheith 1-4 seachtain ag brath ar an dáileog úsáidte. Cóireáil íceach: — Baictéir: 200 go 400 ppm v/v de tháirge bithicíde mar a sholáthraíodh é (3 - 6 ppm v/v CMIT/MIT) is gá am teagmhála a bheith 1 go 3 lá, ag brath ar an dáileog a úsáidtear. — Fungais (Giostaí/Caonaigh): 400 ppm v/v de tháirge bithicíde mar a sholáthraíodh é (6 ppm v/v CMIT/MIT) is gá am teagmhála a bheith 1 go 3 lá, ag brath ar an dáileog a úsáidtear. Athdhéan de réir mar is gá nuair atá truailliú aitheanta.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Fleascanna: 5L ainmniúil, is poileitiléin ard-dlúis (PEAD) é an t-ábhar tógála Buicéid: 20L agus 25L ainmniúil, is poileitiléin ard-dlúis (PEAD) é an t-ábhar tógála Drumaí: 215L agus 220L ainmniúil, is poileitiléin ard-dlúis (PEAD) é an t-ábhar tógála Bulc-coimeádán idirmheánach (IBC): 1000L ainmniúil, is poileitiléin ard-dlúis (PEAD) é an t-ábhar tógála

4.1.1. Treoracha úsáidsonracha úsáide

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

5. TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE ([2]) MAIDIR LE META SPC 2

5.1. **Treoracha úsáide**

— Léigh an lipéad nó an bhileog i gcónaí roimh úsáid agus lean na treoracha uilig a ghabhann leis.

— Bíodh meas agat ar choinníollacha úsáide an táirge (tiúchan, am teagmhála, teocht, pH, srl.)

— Do leasú le linn stórála meán/fad téarmach, ní mór d'am teagmhála a bheith idir 1-4 seachtain, ag brath ar an dáileog úsáidte. Do chóireáil íceach, tá an éifeacht bithicíde bainte amach i ndiaidh 1-3 lá.

— Níl táirgí le húsáid ach do stóráil meán nó fad téarmach nó cóireáil íceach. Níl éifeachtacht tástáilte i gcás córais athraithe arda. Ná húsáid i gcás córas le hardratá athraithe.

— Déan seiceáil rialta ar an tiúchan iarmharach den substaint ghníomhach (sna céimeanna breosla agus uiscí) idir aistriú breosla le dearbhú nach ndéantar truailliú idir chóireálacha. Tá rogha na n-eatramh idir chóireálacha bunaithe ar sheiceáil na dtiúchan iarmharach substaint ghníomhaigh.

— Caithfidh úsáideoir an táirge tástálacha micribhitheolaíocha a dhéanamh (sna céimeanna breosla agus uiscí) chun sásúlacht an chaomhnaithe a chruthú chun dáileog éifeachtach an leasaitheach don mhaitrís/suíomh/córas sonrach a dhearbhú. Más gá, téigh i gcomhairle le déantóir an táirge leasaitheach.

Níor údaraíodh é le húsáid i Ríocht na Danmhairge agus i Ríocht na Beilge.

Níl sé infheidhme i bPoblacht Chónaidhme na Gearmáine ach amháin sna cásanna seo a leanas: Ná húsáid na táirgí le haghaidh caomhnaithe breosla i gcás mhótarfheithiclí bóthar nach ritheann ar ráillí, ach amháin ar mhaithe le taighde, forbairt nó anailís.

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

— Do leasú an dáileog de 6 ppm, is é 15 000 m^3 sa lá don suíomh an t-uasmhéid de amhola triomaithe nó táirgí scagtha draenáilte.

— Do leasú an dáileog suas go 3 ppm, is é 35 000 m^3 sa lá don suíomh an t-uasmhéid de amhola triomaithe nó táirgí scagtha draenáilte.

Agus an táirge bithicídeach á láimhseáil:

— Caith lámhainní cosanta atá frithsheasmhach in aghaidh ceimiceán agus a chomhlíonann ceanglais Chaighdeán Eorpach EN 374 (ní mór do shealbhóir an údarúcháin ábhar na lámhainní a shonrú laistigh den fhaisnéis faoin táirge) agus rabhlaer cosanta (cineál 6 EN13034 ar a laghad), le linn chéim láimhsithe an táirge.

— Caith gloiní ceimiceacha a chomhlíonann ceanglais Chaighdeán Eorpach EN 166 le linn chéim láimhsithe an táirge.

— Ba chóir na bearta teicniúla agus eagraíochta seo a leanas a chur i bhfeidhm:

  — glanadh an trealaimh agus an limistéir oibre go rialta;.

  — caidéal dáileogach a úsáid le haghaidh luchtaithe láimhe;

  — Íoslaghdú de chéimeanna láimhe;

  — aeráil leordhóthanach agus an táirge á úsáid.

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

— MÁ SHLOGTAR: Sruthlaigh do bhéal. NÁ déan iarracht caitheamh amach. Glaoigh ar IONAD NIMHE nó dochtúir má airíonn tú tinn.

— MÁ BHAINTEAR DEN CHRAICEANN: Nigh craiceann le huisce (nó cith). Bain na héadaí éillithe láithreach agus nigh iad sula gcaitheann tú arís iad.

— MÁ BHAINTEAR DE NA SÚILE: Sruthlaigh le huisce go cúramach feadh neart nóiméad. Bain lionsaí tadhaill má's ann dóibh agus más furasta é. Lean ort ag sruthlú.

— MÁ DHÉANTAR ANÁLÚ: Bain an té a bhaintear dó chuig aer úr agus coinnigh ar a shuaimhneas iad le bheith ag análú.

([2]) Tá treoracha úsáide, bearta maolaithe riosca agus treoracha eile faoin roinn seo bailí le haghaidh aon úsáidí údaraithe laistigh de meta SPC 2.

— Má's ann do ghreannú craicinn nó gríos: Faigh comhairle/cúram leighis.

— Coinnigh an coimeádán nó an lipéad ar fáil.

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

— Ná scaoil ach le ionad cóireála camrais tionsclaíoch (STP).

— Faigh réidh le táirge nár úsáideadh, a phacáistíocht agus gach dramhaíl eile de réir na rialachán áitiúil.

— Ná scaoil le táirge nár úsáideadh ar an talamh, isteach i gcúrsaí uisce, isteach i bpíopaí (e.g doirteal, leithris) nó síos na draenacha.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Seilfré: 3 mí

6. FAISNÉIS EILE

—

7. AN TRÍÚ LEIBHÉAL FAISNÉISE: TÁIRGÍ AONAIR I META SPC 2

7.1. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm (nó trádainmneacha)	KATHON HP 120 Biocide	Réimse margaidh: EU			
	BLUECIDE 833	Réimse margaidh: EU			
	Predator 9000	Réimse margaidh: EU			
	FuelClear M68 Pro	Réimse margaidh: EU			
	MIRECIDE-KW/615.C	Réimse margaidh: EU			
Uimhir an údaraithe	EU-0023657-0002 1-2				
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Mixture of 5-chloro-2-methyl-2H- isothiazol-3-one (Einecs 247-500-7) and 2-methyl-2H-isothiazol-3-one (Einecs 220-239-6) (Mixture of CMIT/MIT)		Substaint Ghníomhach	55965-84-9		11,3
Butyl carbitol	eatá-nól2-(2-bú-tocsaid-eatocsa)	Substaint neamhghníomhach	112-34-5	203-961-6	88,7